**Ár Uimhir Thagartha:** **61.PA0033**

An Bord Pleanála

Stiofán Ó Cúláin
Príomhfheidhmeannach
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Contae na Gaillimhe

23ú Deireadh Fómhair, 2014

**Maidir le:** **Síneadh Chuan na Gaillimhe, Bailte Fearainn:-**
**An Rinn Mhór & Páirceanna an Bhaile, Gaillimh**

A Chara,

Ar son An Bhoird Pleanála déanaim tagairt don fhorbairt thuasluaite atá beartaithe.

Tabhair do d'aire go bhfuair an Bord tuilleadh faisnéise a sonraíodh, ón Iarratasóir maidir leis an gcás.

Tá cóip do litir a sheol An Bord Pleanála chuig an Iarratasóir ar an 21ú Deireadh Fómhair 2014 faoi iamh, i gcomhréir le forálacha in Alt 37(F) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, arna leasú. Deirtear sa litir seo go bhfuil riachtanas ar an Iarratasóir fógra don tuilleadh faisnéise a fhoilsiú, agus é a chur ar fáil go poiblí le taispeáint nó/agus le ceannach.

Tá riachtanas ann chomh maith go gcuirfear in iúl don phobal i gcoitinne go mbeifear in ann aighneacht scríofa a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis an tuilleadh faisnéise seo, roimh dháta atá luaite san fhógra. Ní gá le freagra, tá an litir seo ar mhaithe le heolas amháin.

Dá mbeadh tuilleadh ceisteanna agat maidir leis an ábhar seo, déan teagmháil le hoifigeach an Bhoird atá thíos sínithe le do thoil. Abair uimhir thagartha an Bhoird Pleanála atá thuasluaite má dhéanann tú aon teagmháil linn i litreacha nó ar an teileafón le do thoil.

Is mise le meas,

pp. Caitríona Ní Thaoraigh

Kieran Doherty
Oifigeach Feidhmiúcháin
Teileafón: 01-8737248

**IR08.LTR**

64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

Teil (01) 858 8100 Tel
Glao Áitiúil 1890 275 175 LoCall
Facs (01) 872 2684 Fax
Láithreán Gréasáin www.pleanala.ie Web
Ríomhphost bord@pleanala.ie Email

64 Marlborough Street
Dublin 1